**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0383/2023**

1.12.2023

# TUARASCÁIL

ar an nuálaíocht, an iomaíochas tionsclaíoch agus teicneolaíoch a mhéadú trí thimpeallacht fhabhrach do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú
(2023/2110(INI))

An Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Rapóirtéir: Tsvetelina Penkova

**CLÁR**

**Leathanach**

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ....................................................................................................15

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ...........................................................................................................................17

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................18

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........19

## TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an nuálaíocht, an iomaíochas tionsclaíoch agus teicneolaíoch a mhéadú trí thimpeallacht fhabhrach do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú**
**(2023/2110(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagail 101 go 109 agus Airteagal 173 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint do Phrótacal Uimh. 27 a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus CFAE maidir leis an margadh inmheánach agus iomaíocht,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Samhain 2016 dar teideal 'Europe's next leaders: the Start-up and Scale-up Initiative' [Na chéad cheannairí eile a bheidh ag an Aontas: an Tionscnamh um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus um Ghnólachtaí atá ag méadú] COM(2016)0733),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013,[1] (An Rialachán maidir le Fís Eorpach),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2021 dar teideal 'Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery' [Straitéis Thionsclaíoch Nua 2020 a Nuashonrú: Margadh Aonair níos láidre a thógáil do théarnamh na hEorpa' (COM(2021)0350),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Iúil 2022 dar teideal 'A New European Innovation Agenda' [Clár Oibre Nua Eorpach um Nuálaíocht] (COM(2022)0332),

– ag féachaint do rún uaithi an 22 Samhain 2022 maidir le Cur Chun Feidhme na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí[2],

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Iúil 2023 maidir le staid FBManna an Aontais[3],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2023 maidir leis an bPacáiste Fóirithinte do FBManna (COM(2023)0535),

– ag féachaint do Riail 54 de na Rialacha Nós Imeachta,

---

[1] IO L 170, 12.5.2021, lch. 1.
[2] IO C 167, 11.5.2023, lch. 8.
[3] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0294.

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0000/2023),

A. de bhrí cé go bhfuil teachtaireachtaí éagsúla foilsithe ag institiúidí AE maidir le gnólachtaí nuathionscanta, nach bhfuil aon sainmhínithe nithiúla ar ghnólacht nuathionscanta ná ar ghnólacht atá ag méadú glactha fós;

B. de bhrí gur saintréithe ag gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú acmhainní teoranta pearsanra agus cumas atá teoranta go comparáideach chun córais rialála chasta nó nósanna imeachta cistiúcháin casta a chomhlíonadh; de bhrí gur minic nach ionann a riachtanais ghnó agus a ndúshláin shonracha agus riachtanais ghnó na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna) seanbhunaithe;

C. de bhrí gur bunaíodh an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) faoin Rialachán maidir le Fís Eorpach,

D. de bhrí go bhfuil tionscnaimh éagsúla i bhfeidhm ag an gCoimisiún atá dírithe ar fhiontraíocht, nuálaíocht agus claochlú digiteach a chur chun cinn in AE, amhail tionscnamh na ngnólachtaí nuathionscanta agus na ngnólachtaí atá ag méadú glactha fós, an scórchlár éiceanuálaíochta, Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna), an t-ardán comhair do bhraislí fiontar Eorpacha, an Deacáid Dhigiteach agus straitéis an mhargaidh aonair dhigitigh, chomh maith le cláir chistithe atá tiomnaithe don nuálaíocht i réimsí beartais eile;

E. de bhrí go bhfuil éagothromaíochtaí stairiúla suntasacha idir an cultúr infheistíochta san Eoraip agus i réigiúin eile den domhan, go háirithe i gcás caipiteal fiontair agus infheistíocht aingeal;

F. de bhrí go bhfuil AE tiomanta dá iomaíochas tionsclaíoch agus teicneolaíoch a fheabhsú sa mhargadh domhanda, do shlabhraí soláthair athléimneacha agus éagsúlaithe a chruthú agus do bheith ar thús cadhnaíochta sna haistrithe glasa agus digiteacha agus, dá bhrí sin, go n-aithníonn sé gur gá feabhas a chur ar a sheasamh trí thacaíocht leanúnach a thabhairt d’fhás gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, ós rud é gur féidir leo nuálaíocht a chothú agus cuspóirí na n-aistrithe glasa agus digiteacha a chur chun cinn;

G. de bhrí go n-aithníonn AE an t-ionchas atá ag gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú chun nuálaíocht, fás eacnamaíoch agus cruthú post a thiomáint in AE, díriú ar dhúshláin shochaíocha, inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus cur leis na cuspóirí a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip, an clár don Eoraip Dhigiteach an Clár Oibre Nua Eorpach um Nuálaíocht agus straitéis thionsclaíoch nuashonraithe AE;

H. de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach nuálaíocht trasearnála a chothú agus comhoibriú agus malartuithe eolais a spreagadh i measc tionscail éagsúla chun an chruthaitheacht, an éifeachtúlacht agus an fás claochlaitheach a chur chun cinn laistigh de thírdhreach na ngnólachtaí nuathionscanta agus na ngnólachtaí atá ag méadú;

I. de bhrí go bhfuil bac á chur faoi láthair ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar ghnólachtaí atá ag méadú toisc gan comhtháthú a bheith sa mhargadh aonair, neamhréireachtaí rialála agus ualaí riaracháin iomarcacha; de bhrí go bhfuil iomaíochas

Eorpach ag titim chun deiridh ar gheilleagair fhorbartha eile, rud atá ina bagairt d'acmhainneacht na hEorpa chun fás agus rachmas a ghiniúint;

J. de bhrí go bhféadfadh rialacha Státchabhrach agus iomaíochta lagaithe san Aontas a bheith i mbaol bacainní ar iontráil sa mhargadh a mhéadú, go háirithe i gcomhthéacs gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, agus go bhféadfaidís leithdháileadh iomaíoch caipitil bunaithe ar fhiúntas a bhac;

K. de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach éiceachóras cuimsitheach do ghnólachtaí nuathionscanta a chothú, toisc go bhfeidhmíonn éagsúlacht i bhfoirne agus sa cheannaireacht mar chatalaíoch don nuálaíocht, don chruthaitheacht agus don athléimneacht;

L. de bhrí gur réamhriachtanais bhunúsacha agus cumasóirí bunriachtanacha iad bonneagar digiteach láidir agus nascacht fhorleathan don nuálaíocht dhigiteach chuimsitheach do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú; de bhrí go bhfuil difríochtaí suaithinseacha réigiúnacha in AE i ndáil leis sin; de bhrí gur gá tuilleadh infheistíochta agus dul chun cinn sa bhonneagar digiteach chun coinneáil bord ar bhord le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus chun a chur ar chumas AE fanacht ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht ar an leibhéal domhanda;

M. de bhrí go gcuirtear i dtábhacht i dtuarascáil 2023 ar staid na Deacáide Digití[4] gur gá tuilleadh dul chun cinn i gclaochlú digiteach gnóthaí, go háirithe maidir le glacadh IS, mórshonraí agus néalríomhaireachta;

N. de bhrí gur gné lárnach de ghníomhaíocht fiontraíochta rathúil é bheith ábalta nuáil, oiriúnú agus bearnaí sa mhargadh a shainaithint chun táirgí nó seirbhísí iomaíocha a sholáthar do chustaiméirí ar scála brabúsach ar deireadh; de bhrí, i gcás lucht ceaptha beartas, go dtugann sé sin le tuiscint gurb é an ghníomhaíocht is éifeachtaí chun gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú a chur chun cinn san Aontas tacú le timpeallacht rialála fhabhrach lena n-éascaítear iontráil sa mhargadh, leathnú gnó agus rochtain ar chaipiteal, agus é mar aidhm leis nuálaíocht a spreagadh, iomaíocht shláintiúil a chur chun cinn agus an tairbhe is mó is féidir a áirithiú do thomhaltóirí;

***Sainmhínithe***

1. á iarraidh ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, sainmhínithe comhchuibhithe agus leathana a mholadh i gcás gnólacht nuathionscanta agus gnólacht atá ag méadú faoi seach, bunaithe ar inscálaitheacht, agus conas atá siad difriúil óna chéile agus a stádas ar leith i gcoibhneas le FBManna á gcur i gcuntas, chun eisiamh gnólachtaí nuathionscanta nó gnólachtaí atá ag méadú de thaisme a chosc mar gheall ar shainmhínithe sriantacha;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá méadú a shainiú laistigh de FBManna, agus an sainmhíniú sin a úsáid i gcomhthéacs beartais agus staidrimh;

3. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur féidir le mainneachtain sainmhínithe cuí a ghlacadh an bonn a bhaint d'éifeachtacht na mbeartas agus na reachtaíochta láithrí; ag

[4] An Coimisiún Eorpach, 'Tuarascáil 2023 ar staid na Deacáide Digití', 27 Meán Fómhair 2023.

tabhairt dá haire, cé go bhfuil roinnt leasanna forluiteacha ag gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna, tá difríocht shuntasach eatarthu nuair a thosaíonn siad an chéim tiomsaithe airgid, fáis agus aibíochta; á thabhairt chun suntais, thairis sin, go bhfuil éiginnteacht agus ardriosca teipe ag gnólachtaí nuathionscanta, agus go mbraitheann siad ar éiceachórais agus ar aicme eile infheisteoirí; á chreidiúint, mar sin, má aicmítear gnólachtaí nuathionscanta mar FBManna, go srianfar a bhfás, a rochtain ar mhargaí agus a ndeiseanna infheistíochta;

4. Ós deimhin léi go méadóidh sainmhínithe tiomnaithe na deiseanna tacaíochta trí bhearta atá sainoiriúnaithe do riachtanais agus gnéithe sonracha gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú agus a chuirfidh lena rochtain ar mhargaí caipitil Eorpacha agus ar infheisteoirí príobháideacha; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhordú breise a dhéanamh ar a n-iarrachtaí faoi seach caipiteal príobháideach a mhealladh i ngnólachtaí nuathionscanta agus i ngnólachtaí atá ag méadú chun ‘gleannta báis’ comhleanúnacha a thrasnú agus na bearnaí faoi seach a líonadh; á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis chuimsitheach gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú Eorpacha a fhorbairt a chuirfidh an nuálaíocht chun cinn agus a dhíreoidh ar na dúshláin atá le sárú ag nuálaithe aonair, bunaitheoirí, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú in AE;

*Rochtain ar chistiú*

5. ag cur béim ar na dúshláin atá roimh ghnólachtaí nuathionscanta Eorpacha chun rochtain a fháil ar mhaoiniú, lena n-áirítear deacrachtaí i ngnóthaí a mhéadú go tapa ar fud na hEorpa; ag tathant ar rialtais, institiúidí airgeadais agus infheisteoirí príobháideacha comhoibriú agus straitéisí a fhorbairt chun cultúr infheistíochta atá níos fabhraí ó thaobh rioscaí de a chothú;

6. á thabhairt chun suntais go bhfuil tionchar suaithinseach ag íocaíochtaí déanacha ar shreabhadh airgid do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú; á thabhairt dá haire gur féidir réitigh dhigiteacha a úsáid chun trédhearcacht mhéadaithe sonrasc agus íocaíochtaí sonraisc níos tapúla a éascú;

7. á thabhairt chun suntais ról na n-infheisteoirí institiúideacha, amhail cistí pinsin agus cuideachtaí árachais, agus á iarraidh go gceadófaí dóibh sciar níos mó dá bpunanna a infheistiú i gcaipiteal fiontair agus in infheistíochtaí luathchéime, ós rud é go gcuirfeadh sé sin foinse ríthábhachtach cistiúcháin fhadtéarmaigh ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta; á mheabhrú go bhfuil sé mar aidhm le cur chun feidhme Threoir (AE) 2019/1023[5] maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach agus dara deis an cultúr an choil riosca san Eoraip a athrú;

8. á mheabhrú go bhfuil ról catalaíoch ag tacaíocht phoiblí spriocdhírithe, i bhfoirm deontas, iasachtaí agus ráthaíochtaí iasachta, sa bhearna chistiúcháin do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú a dhúnadh i gcás nach leor infheistíocht phríobháideach nó nach bhfuil sí ar fáil; á chur in iúl go bhfuil sí den

[5] Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais, agus maidir le dícháilíochtaí agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (an Treoir maidir le hathstruchtúrú agus dócmhainneacht) (IO L 172, 26.6.2019, lch. 18).

tuairim gur cheart go leanfadh an úsáid a bhaineann institiúidí poiblí AE as infheistíocht chothromais mar uirlis bheartais de bheith ina heisceacht agus nár cheart dóibh, mar threoirphrionsabal ginearálta, ach aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh amháin; ag dréim leis go dtabharfaidh an Coimisiún an-aird ar leasanna gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú i rochtain iomaíoch ar an margadh agus meastóireacht á déanamh aige ar dhíolúintí ó rialacha státchabhrach, rialacha rialú cumaisc agus forálacha an bheartais iomaíochta a scaoileadh;

9. á chur i bhfáth, i ngeilleagair an mhargaidh, gurb é an príomhshásra chun riachtanais chaipitil gnóthaí a mhaoiniú, lena n-áirítear riachtanais gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, ná trí mhargaí fiachais phríobháidigh agus chothromais; ag tathant go gcríochnófaí Aontas na Margaí Caipitil chun caipiteal príobháideach a shlógadh agus chun feabhas a chur ar ghluaiseacht trasteorann an chaipitil sin laistigh den Aontas; á iarraidh go mbeadh cur chuige cuimsitheach ann chun aghaidh a thabhairt ar na héagothromaíochtaí agus na bacainní réigiúnacha a bhacann rochtain ar mhaoiniú laistigh d’éiceachóras nuathionscanta na hEorpa, agus aitheantas á thabhairt do na tírdhreacha airgeadais éagsúla ar fud na mBallstát agus na réigiún;

10. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le rannpháirtíocht gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí atá ag méadú i gcláir mhaoinithe AE agus an rannpháirtíocht sin a éascú agus rochtain níos éasca ar chláir agus tairiscintí mhaoinithe AE agus próisis iarratais níos simplí dóibh a áirithiú, chomh maith le heis-sreabhadh níos fearr, níos tapúla agus níos éasca ar na cistí sin; ag aithint an tírdhreacha airgeadais reatha, ina bhfuil deacrachtaí ag gnólachtaí nuathionscanta rochtain a fháil ar chistiú spriocdhírithe trí dheontais, ráthaíochtaí agus iasachtaí mar gheall ar bhacainní maorlathacha agus tréimhsí feithimh fada tar éis deontais a fhormheas; á thabhairt chun suntais gur gá struchtúr cistiúcháin AE láithreach a chur in oiriúint do shainriachtanais na ngnólachtaí nuathionscanta chun a áirithiú nach mbeidh tacaíocht airgeadais ábhartha faoi réir ualaí riaracháin míchuí; á chur i bhfáth, go háirithe, gur gá eisíoc cistí formheasta a bhrostú, tríd an tréimhse feithimh idir formheas deontais agus fáil ciste a íoslaghdú;

11. á aithint, mar gheall ar a riachtanais uathúla, go bhfuil sásraí airgeadais inrochtana agus saincheaptha de dhíth ar earnálacha agus ar thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta; á iarraidh go mbeadh maoiniú spriocdhírithe ann do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú in earnálacha agus i dtionscail an chultúir agus na cruthaitheachta;

12. ag spreagadh na mBallstát agus an Choimisiúin tosaíocht a thabhairt d’infheistíochtaí i mbonneagar digiteach ar fud na limistéar uirbeach agus tuaithe, trí chur chuige réamhbhreathnaitheach a ghlacadh a tacóidh le fás agus inbhuanaitheacht gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí ag méadú agus lena dtreiseofar ceannaireacht dhigiteach na hEorpa;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar na bacainní atá roimh ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú chun rochtain a fháil ar mhaoiniú agus ar phróisis shaincheaptha chun cistiú a chur i bhfeidhm ar shlí a lamhálfaidh rochtain níos éasca ar mhaoiniú; á iarraidh go ndíreofaí iarrachtaí ar dhlús a chur le comhchuibhiú na margaí caipitil ar fud an Aontais;

14. ag tathant ar an gCoimisiún na sásraí cistiúcháin do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú a fheabhsú, lena n-áirítear soláthar poiblí agus soláthar deontas, iasachtaí, ráthaíochtaí agus sluachistiú, agus aire á tabhairt gan infheistíocht phríobháideach a phlódú; ag tathant air cistí láithreacha a atreorú chun díriú ar ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú ar shlí níos éifeachtaí, lena n-áirítear trí ghlao speisialta ar thionscadail teicneolaíochta doimhne agus teicneolaíochta glaise; á thabhairt chun suntais gur gá córas deonach uile-Eorpach chun tarchuir creidmheasa a fhorbairt do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú dá ndiúltaítear iasachtaí bainc; á chur i bhfáth gur gá tionscnaimh dála VentureEU a leathnú chun infheistíocht phríobháideach níos mó a mhealladh do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú san fhadtéarma; ag tathant ar an gCoimisiún na Ballstáit a spreagadh chun dreasachtaí a fheabhsú don infheistíocht luathchéime ag aingil ghnó agus ag infheisteoirí; á iarraidh ar an gCoimisiún dea-chleachtais ábhartha a scrúdú ar fud AE agus moltaí a chur ar fáil chun creat coiteann a chur chun cinn;

15. ag spreagadh gníomhaireachtaí rialtais agus infheisteoirí príobháideacha deontais níos spriocdhírithe agus iasachtaí ar ús íseal a chur ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá méadú ag céimeanna éagsúla fáis, agus sásraí leithdháilte caipitil iomaíocha á gcoinneáil agus an-aire á tabhairt acu gan an infheistíocht phríobháideach a phlódú;

16. ag moladh dreasachtaí agus sásraí cistiúcháin a chruthú chun tacú le tionscadail thrasearnálacha chun ligean do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú comhoibriú neamhghnách a fhiosrú agus saineolas éagsúil a úsáid, go háirithe i réimsí amhail fuinneamh in-athnuaite, biteicneolaíocht, cathracha cliste agus earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta;

***An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach***

17. á chur in iúl gur geal léi gur cruthaíodh an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE), a bhfuil sé mar aidhm léi tacú, trí dheontais agus ionstraimí airgeadais, le gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus le gnólachtaí nuálacha atá ag méadú, nach raibh ábalta, d’ainneoin cás gnó bailí a bheith acu, cistiú a fháil i ngeall ar chliseadh sa mhargadh; á iarraidh ar Chiste CNE aird ar leith a thabhairt ar chothroime gheografach; á chur in iúl gur geal léi plean gníomhaíochta CNE atá ag leathnú agus an sprioc fhoriomlán rannpháirtíocht na dtíortha a chuimsítear faoin leathnú a mhéadú go sciar 15% ar a laghad den chistiú ar fud ionstraimí uile CNE, mar a mhol Bord CNE; á iarraidh ar an gCoimisiún na gníomhaíochtaí a mhol Bord CNE a chur chun feidhme go hiomlán chun a áirithiú go mbeidh fíorthionchar Eorpach ag Ciste CNE;

18. á thabhairt chun suntais gur gá do CNE a bheith ina ghníomhaí inchreidte sa mhargadh; á mheabhrú gur cheart go mbeadh sé d’aidhm ag infheistíochtaí CNE infheisteoirí príobháideacha a ‘phlódú isteach’ seachas iad a phlódú amach; á iarraidh, i bhfianaise ghníomhaíocht CNE atá ag méadú, go mbeidh straitéis shoiléir ann maidir le bainistiú Chiste CNE, lena n-áirítear i dtaobh na modhanna agus na critéir chun caipiteal a leithdháileadh agus chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht bhainisteoirí na gcistí; á chur in iúl gur mór aici an dícheall cuí ardcháilíochta a rinne an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú go gcoimeádfar an cháilíocht sin, i gcomhréir le caighdeáin an mhargaidh; á chur in iúl gur geal léi

iarrachtaí Bhord CNE aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar choinbhleachtaí leasa trí rialacha soiléire trédhearcacha agus ag spreagadh na n-iarrachtaí sin; á chur in iúl gur geal léi an cód iompair a glacadh le haghaidh comhairleoirí a thairgeann seirbhísí d'iarratasóirí ar ghlaonna CNE;

*An Banc Eorpach Infheistíochta*

19. ag spreagadh Ghrúpa BEI, lena n-áirítear an Ciste Eorpach Infheistíochta, agus bainc forbartha náisiúnta tacaíocht airgeadais a mhéadú go cothrom do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, lena n-áirítear iad siúd atá ag feidhmiú in earnálacha atá ag teacht chun cinn agus in earnálacha ardionchasachta, go háirithe i réimsí athléimneacht fuinnimh agus aeráide AE agus an chlaochlaithe dhigitigh; á thabhairt faoi deara nach bhfuil go leor gnólachtaí nuathionscanta ar an eolas go leor faoi thairiscintí BEI agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil iarrachtaí cumarsáide agus for-rochtana níos fearr ó BEI bunriachtanach chun a áirithiú gur féidir le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú tairbhe iomlán a bhaint as ionstraimí BEI agus as tacaíocht airgeadais;

20. ag aithint, go háirithe, go bhfuil ról ríthábhachtach ag Grúpa BEI chun ionstraimí agus acmhainní airgeadais a chur ar fáil chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus le gnólachtaí atá ag méadú na teicneolaíochta glaine ar fud an Aontais; ag tacú le tacaíocht thiomnaithe iasachta BEI do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú atá i mbun na n-aistrithe glasa agus digiteacha chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna chistiúcháin i gcás infheistíochtaí i mbonneagar agus in acmhainneacht mhonaraíochta, faoi réir coinníollacha; á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ríthábhachtach ag BEI i dtiomantas an Aontais don Chomhaontú Glas don Eoraip agus do Chomhaontú Pháras;

*An soláthar poiblí*

21. á iarraidh go bhforbrófaí sásraí éifeachtúla agus trédhearcacha chun rochtain ar chonarthaí soláthair phoiblí a éascú do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, i gcomparáid le cuideachtaí seanbhunaithe, nach bhfuil na hinniúlachtaí céanna dlí agus riaracháin, cuntas teiste ná taithí acu ar idirghníomhú le riaracháin phoiblí, agus chun a rannpháirtíocht a spreagadh i soláthar réiteach nuálach ar dhúshláin na hearnála poiblí;

*Ualaigh rialála*

22. á chur in iúl gur geal léi sprioc an Choimisiúin na hualaí a bhaineann le ceanglais tuairiscithe a laghdú 25% gan an bonn a bhaint de chuspóirí beartais; á chreidiúint gur cheart don Choimisiún srianta sonracha agus struchtúracha na ngnólachtaí nuathionscanta agus na ngnólachtaí atá ag méadú a chur i gcuntas i ndáil leis sin chun brú costais a laghdú agus iomaíochas a chur chun cinn; á iarraidh go mbeadh cur chuige cothrom ann maidir le reachtaíocht AE chun fás, fiontraíocht agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú; á iarraidh go ndéanfaí an prionsabal 'tús áite d'fhiontair bheaga' a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i bpléití inmheánacha agus ar fud na dtograí reachtacha agus na dtionscnamh beartais ábhartha;

23. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé 'prionsabal na haonuaire' a chuíchóiriú agus a chur chun cinn i gcás comhroinnt sonraí idir riaracháin agus an prionsabal

‘digiteach mar réamhshocrú’ i nósanna imeachta riaracháin, ar leibhéal AE agus ar leibhéal na mBallstát araon; á chreidiúint go gcuideoidh caighdeánú agus digitiú nósanna imeachta agus foirmeacha, i gcomhréir leis na prionsabail sin, go mór le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú trí ualaí riaracháin a laghdú san fhadtéarma; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dul chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme na bprionsabal sin;

24. á iarraidh go mbunófaí rialacháin agus creataí a thacaíonn le gnólachtaí nuathionscanta a éascaíonn fás, inscálaitheacht agus oibríochtaí trasteorann gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, agus cosaint tomhaltóirí, príobháideachas sonraí agus iomaíocht chóir á n-áirithiú; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé teorainn a chur le costais chomhlíonta do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú; á iarraidh ar an gCoimisiún tacaíocht a leathnú do FBManna, do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú chun dul i ngleic le castacht rialála, trí chláir a leathnú chun clinicí dlíthiúla a chur chun cinn, mar shampla i gcomhthéacs na Mol Nuálaíochta Digití faoin gclár don Eoraip Dhigiteach;

25. ag tathant ar an gCoimisiún ‘tástáil gnólachta nuathionscanta’ a fhorbairt agus a ghlacadh, ar aon dul le tástáil FBM a ghlac sé in 2021, chun tionchar na reachtaíochta a mheasúnú níos fearr lena ndírítear ar nuálaíocht, ar mhaoiniú agus ar iomaíochas; ag tabhairt dá haire an togra ó Uachtarán an Choimisiúin chun seiceáil iomaíochais a bhunú i gcás reachtaíocht nua AE a bheidh le déanamh ag bord neamhspleách; á mheas gur cheart go mbeadh creat speisialta ag an tseiceáil iomaíochais sin maidir le gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú agus FBManna chun a áirithiú go ndreasófar le rialáil gnólachtaí nua a thosú san Eoraip;

26. Á iarraidh ar an gCoimisiún athmheastóireacht a dhéanamh ar éifeacht na reachtaíochta atá ar na bacáin ar ghnólachtaí nuathionscanta atá dírithe ar FBManna, ar thionscal agus ar nuálaíocht, agus riachtanais agus gnéithe sonracha gnólachtaí nuathionscanta á gcur i gcuntas;

27. ag tabhairt dá haire uirlisí nua chun rialála níos fearr agus an prionsabal ‘ceann amháin isteach, ceann amháin amach’; á chreidiúint go bhfuil uaillmhian níos mó fós de dhíth ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit chun rialáil a shimpliú agus costas an chomhlíonta a laghdú, lena n-áirítear trí dhlí AE a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na mBallstát agus trí aghaidh a thabhairt ar dhlíthe forluiteacha sa mhargadh aonair, go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú; á chreidiúint go bhfuil an simpliú sin bunriachtanach chun nuálaíocht agus iomaíochas a chothú;

*Fáil tallainne*

28. á chur i bhfios go láidir a phráinní atá sé an bhearna tallainne a bhraitear a dhúnadh agus éiceachóras a chruthú ina bhfuil tallann flúirseach, ach ina bhfuil sé comhtháite go hiomlán in earnáil na teicneolaíochta freisin; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil níos lú clár staidéir fochéime in IS ag AE ina iomláine ná roinnt tíortha is lú go mór; á chreidiúint go bhfuil gá le cur chuige spriocdhírithe ar leibhéal AE chun é sin a cheartú; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis sin, gur féidir an plean gníomhaíochta don oideachas digiteach, tionscnamh na n-ollscoileanna Eorpacha agus an Limistéar Eorpach Oideachais, ar bhonn níos leithne, a leathnú chun bunú comhar straitéiseach idir institiúidí acadúla agus lucht tionscail a éascú tuilleadh chun a áirithiú go mbeidh

céimithe ullmhaithe go maith agus go mbeidh siad feistithe leis na scileanna is gá sa mhargadh fostaíochta dinimiciúil; á iarraidh ar na Ballstáit infheistíochtaí san oiliúint agus san oideachas a mhéadú trí chláir staidéir agus cúrsaí a chruthú a bheidh dírithe ar scileanna fiontraíochta agus teicneolaíochta, agus tionscnaimh foghlama ar feadh an tsaoil á gcomhtháthú ag an am céanna d'fhiontraithe atá gníomhach cheana san earnáil, go háirithe i gcás gnólachtaí atá ag méadú;

29. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le tionscnaimh a chuireann scileanna digiteacha agus tionsclaíochta, comhar, comhroinnt eolais, fiontraíocht agus meantóireacht chun cinn ar gach leibhéal oideachais, agus an t-eolas agus na scileanna is gá á dtabhairt do dhaoine aonair chun go mbeidh rath orthu sa ré dhigiteach; ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá scileanna eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (STEM) i ndáil leis sin;

30. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit feachtais feasachta a fhorbairt chun poist a chur chun cinn i dtimpeallachtaí digiteacha agus tionsclaíocha, agus béim ar leith á leagan ar níos mó tallann ban a mhealladh chuig na hearnálacha sin;

31. ag tathant ar an gCoimisiún gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú a áireamh ina chláir scileanna agus tallainne agus aird a tharraingt ar na deiseanna a chuireann gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú ar fáil do chéimithe óga, lena n-áirítear fostaíocht; á chreidiúint gur féidir cláir agus tionscnaimh oideachais an Aontais láithreacha, go háirithe Erasmus+, a ghiaráil chun na cuspóirí sin a bhaint amach;

32. á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach, tráth a bhfuil margaí saothair docht AE d'fhostaithe oilte, earcú tallann idirnáisiúnta a éascú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé prionsabal an neamh-idirdhealaithe a choimirciú, éagsúlacht agus cuimsitheacht a chur chun cinn san éiceachóras gnólachtaí nuathionscanta agus uas-scálaithe agus comhdheiseanna a áirithiú do chách, lena n-áirítear daoine óga, gairmithe seanbhunaithe agus grúpaí faoi ghannionadaíocht; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, an tionscnamh ón gCoimisiún chun linn tallainne an Aontais Eorpaigh a chur ar bun;

***Rochtain ar an margadh agus iomaíochas***

33. á chur in iúl go bhfuil sí suite de go bhfuil sé ríthábhachtach na dálaí a chruthú chun go bhfeidhmeoidh gnólachtaí nuálacha i dtimpeallacht atá simplí, soiléir agus intuartha chun a gcumas fás agus méadú sa mhargadh aonair a áirithiú, ós rud é go gcuirfidh an deis chun rochtain a fháil ar mhargadh níos leithne lena gcumas infheisteoirí a mhealladh; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá creataí beartais lena n-éascaítear agus lena dtacaítear leis an gcomhar, trí bhacainní a bhaint a eascraíonn as córais rialála náisiúnta neamhréireacha agus trí na dreasachtaí is gá a chur ar fáil chun rannpháirtíocht ghníomhach ó na geallsealbhóirí uile laistigh d'éiceachóras na nuálaíochta a chur chun cinn; á iarraidh go mbeadh sásraí ann chun na rioscaí a bhaineann le leathnú idirnáisiúnta a mhaolú chun a áirithiú go mbeidh an tacaíocht agus an treoir is gá ag gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú chun dul i ngleic leis na héiginnteachtaí a bhaineann go dlúth leis na margaí domhanda;

34. á aithint, de réir Aimsitheoir Deep Tech  Oifig na bPaitinní Eorpacha, go bhfuil níos mó ná 10% de na gnólachtaí nuathionscanta Eorpacha a rinne iarratas ar phaitinní Eorpacha tar éis tairbhe a bhaint as cistiú CNE cheana féin; á chur in iúl go bhfuil sí suite de gur

gá daoine a chur ar an eolas i dtaobh thábhacht na maoine intleachtúla; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur dea-shampla é athchóiriú na bPaitinní Aonadacha[6] a bhfuil sé mar aidhm leis cosaint aonfhoirmeach a chur ar fáil ar fud na dtíortha rannpháirteacha uile, ar bhonn ionaid ilfhreastail, trí ualaí riaracháin a laghdú agus comhsheasmhacht a áirithiú sa chásdlí; á iarraidh ar na Ballstáit nach bhfuil an Comhaontú maidir le Cúirt Aontaithe na bPaitinní daingnithe acu go fóill déanamh amhlaidh ar mhaithe leis an éiceachóras nuathionscanta;

35. ag tabhairt dá haire cuspóirí an Aontais maidir leis an nGníomh um Thionscal Glan-Nialasach[7] agus á iarraidh ar an gCoimisiún a bhreithniú conas a d'fhéadfaí tionscnaimh bhreise a chur chun cinn chun iomaíochas gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú a mhéadú, ar gnólachtaí iad a bhfuil baint acu le slabhraí luacha teicneolaíochta glan-nialasacha agus chun cur lena seasamh i réimse iomaíochta domhanda na dteicneolaíochtaí glan-nialasacha; á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, measúnú a dhéanamh ar conas is féidir le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú rannchuidiú le cuspóirí dícharbónaithe AE, agus a ról a chur san áireamh ina phróisis phleanála, amhail na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide;

36. á chur i bhfáth gur gá tírdhreach teicneolaíochta a chothú ina gcorpraítear an iomaíocht agus an nuálaíocht araon; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nach mór sásraí rialála dul in oiriúint don dul chun cinn teicneolaíoch agus d'athruithe sa mhargadh agus iad a fhorbairt chun seasamh leis an iomaíochas agus leis an nuálaíocht, go háirithe i ndáil le gnólachtaí nuathionscanta Eorpacha; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit pleananna agus straitéisí cuimsitheacha a fhorbairt i dtaobh conas an nuálaíocht teicneolaíochta arna cumasú ag gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú a úsáid chun iomaíochas a chur chun cinn agus spriocanna aeráide a bhaint amach;

***Rochtain ar shonraí***

37. ag spreagadh an Choimisiúin léargais fíor-ama ar shonraí poiblí a chumasú lena gcumhachtaítear cinnteoireacht níos fearr agus lena spreagtar nuálaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, agus sonraí pearsanta agus sonraí eile de chineál íogair á gcosaint ag an am céanna, i gcomhréir le reachtaíocht reatha an Aontais maidir le sonraí; á iarraidh ar an gCoimisiún oibriú leis an tionscal, faoin gcreat chun rochtana ar shonraí airgeadais, chun caighdeáin chomhsheasmhacha agus chomhchuibhithe a bhunú do thacair sonraí airgeadais, chomh maith le creat chun comhroinnt sonraí airgeadais níos iontaofa, níos éifeachtúla agus níos nuálaí a áirithiú ar fud gnólachtaí, tríú páirtithe agus rialtas;

38. á iarraidh ar an gCoimisiún cur chun feidhme comhchuibhithe agus éifeachtach na rialachán digiteach a bhí ann le déanaí a áirithiú, go háirithe an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha[8], an Gníomh um Margaí Digiteacha[9], an Gníomh um Rialachas Sonraí[10], an

---

[6] Go dtí seo, is FBManna iad níos mó ná 35% de na hiarratasóirí a d'iarr paitinn aonadach, i gcomparáid le 20% i gcás gnáthphaitinní Eorpacha.
[7] togra ón gCoimisiún an 16 Márta 2023 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) (COM(2023)0161),
[8] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).

Gníomh um Shonraí[11] agus an Gníomh um Intleacht Shaorga atá ar na bacáin[12]; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit éiceachóras margaí le haghaidh sonraí neamhphearsanta faoi stiúir na hEorpa a chothú; á mholadh go bhforbrófaí creataí chun comhchuibhiú a dhéanamh ar láimhseáil tacar sonraí mar shócmhainní i gcuntasaíocht agus tuairisciú airgeadais;

***Éiceachóras nuálaíochta agus struchtúir tacaíochta***

39. á chur in iúl gur geal léi na fógraí maidir le toscaire FBM AE a cheapadh; ag cur béim ar an bhfíoras, thairis sin, gur gá don toscaire sin anailís chuimsitheach a dhéanamh agus tuarascálacha tréimhsiúla a eisiúint maidir le stádas gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú san Eoraip, lena gcuimsítear a gcuid constaicí agus a bpriontaí laethúla; ag spreagadh an Choimisiúin pointí teagmhála gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú a cheapadh in ardstiúrthóireachtaí ábhartha chun beartais thiomnaithe a chomhordú ar shlí níos fearr; á iarraidh ar an gCoimisiún líonra tiomnaithe comhairleoirí a bhunú le haghaidh gnólachtaí atá ag méadú mar chuid den Líonra Fiontar Eorpach;

40. ag cur béim ar an tábhacht bhunúsach a bhaineann le héiceachóras cuimsitheach gnólachtaí nuathionscanta a chruthú lena gcuirfear poist chomhdheise ar fáil do chách, lena n-áirítear daoine óga, gairmithe seanbhunaithe agus grúpaí faoi ghannionadaíocht; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tionscnaimh agus beartais réamhghníomhacha a chur ar aghaidh lena gcuirtear cuimsitheacht chun cinn go gníomhach, trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní sistéamacha agus ar chlaontachtaí agus trí chothrom na Féinne a chothú do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht; á mholadh go bhforbrófaí cláir mheantóireachta ábhartha, deiseanna líonraithe agus tionscnaimh oideachais agus tionscnaimh eile a dhíríonn go sonrach ar ghrúpaí faoi ghannionadaíocht;

41. á iarraidh go gcomhthiomsófaí saineolas trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha, trí chomhoibriú agus trí eolas agus trí chomhroinnt acmhainní i measc an lucht acadúil, gníomhaithe tionscail agus gníomhaireachtaí rialtais, agus a láidreachtaí agus a saineolas comhchoiteann a ghiaráil i gcomhthéacs na straitéisí um speisialtóireacht chliste;

42. ag moladh éiceachórais réigiúnacha nuathionscanta lena dtugtar le chéile ollscoileanna, fiontraithe, cuideachtaí agus eintitis earnála poiblí áitiúla, lena n-áirítear trí mhoil nuálaíochta, gorlanna, luasairí agus tógálaithe fiontar, chun láidreachtaí agus acmhainní gach réigiúin a ghiaráil; á iarraidh ar an gCoimisiún comhordú níos fearr a dhéanamh

---

[9] Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (an Ionstraim um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lch. 1).
[10] Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le rialachas sonraí Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) (IO L 152, 3.6.2022, lch. 1).
[11] Togra ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2022 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le rialacha comhchuibhithe maidir le rochtain chothrom ar shonraí agus maidir le húsáid chothrom sonraí (an Gníomh um Shonraí) (COM(2022)0068),
[12] Togra ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2021 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha comhchuibhithe a leagan síos maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh maidir leis an Intleacht Shaorga) agus gníomhartha reachtacha áirithe de chuid an Aontais a leasú (COM(2021)0206),

idir beartas nuálaíochta áitbhunaithe agus beartas nuálaíochta feabhas-tiomáinte ar leibhéal an Aontais; ag tabhairt dá haire na scéalta ratha ó éiceachórais nuathionscanta agus na ceachtanna a foghlaimíodh óna dtaithí; á mholadh go mbeidh na héiceachórais réigiúnacha nuathionscanta sin ina bhfóram do cheannairí éiceachórais chun smaointe agus dea-chleachtais a mhalartú;

°

° °

43. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais na mBallstát.

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

**Anailís ar Ghnólachtaí Nuathionscanta agus ar Dhúshláin Shonracha**

Tá ról ríthábhachtach ag gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú i nuálaíocht, cruthú post agus fás eacnamaíoch in AE a thiomáint. Tá dúshláin iomadúla rompu, áfach, a bhacann a bhforbairt agus a n-inscálaitheacht.

**1. Rochtain theoranta ar mhaoiniú;** Tá rochtain ar chaipiteal fós ina bhac suntasach do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú. Is deacair do mhórán acu infheistíochtaí luathchéime a áirithiú, go háirithe caipiteal riosca agus caipiteal fiontair, atá ríthábhachtach chun a n-oibríochtaí a scálú, táirgí a fhorbairt agus dul isteach i margaí nua. Ní mór don Choimisiún agus do na Ballstáit sásraí cistiúcháin a fheabhsú agus timpeallacht chumasúcháin a chruthú d'infheisteoirí príobháideacha chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú.

**2. Ualaigh rialála** Is minic rialacháin chasta throma ar ghnólachtaí nuathionscanta a bhacann a bhfás. D'fhéadfadh comhlíonadh na rialachán a bhaineann le cosaint sonraí, cearta tomhaltóirí, maoin intleachtúil agus cánachas a bheith dúshlánach d'fhiontair luathchéime a bhfuil acmhainní teoranta acu. Tá sé riachtanach rialacháin a chuíchóiriú, treoirlínte soiléire a chur chun feidhme, agus tacaíocht rialála a chur ar fáil atá saincheaptha do riachtanais gnólachtaí nuathionscanta chun timpeallacht fhabhrach a chothú.

**3. Fáil tallainne:** Is gá lucht saothair oilte i ngnólachtaí nuathionscanta chun an nuálaíocht agus an fás a thiomáint. Is féidir mealladh agus coimeád tallainne a bheith dúshlánach toisc iomaíocht ó chuideachtaí bunaithe agus acmhainní teoranta do phacáistí iomaíocha luach saothair. Is céimeanna ríthábhachtacha iad an t-oideachas fiontraíochta a fheabhsú agus scileanna digiteacha a chur chun cinn in AE chun díriú ar an mbearna tallainne.

**4. Rochtain ar an margadh agus iomaíochas:** Tá sé ríthábhachtach do ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú dul thar theorainneacha náisiúnta chun rochtain a fháil ar mhargaí níos mó agus chun iomaíochas idirnáisiúnta a chothú. Is féidir le do shlí a dhéanamh trí rialacháin éagsúla, bacainní cultúrtha agus dúshláin mhargadhshonracha a bheith scanrúil, áfach. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit oibríochtaí trasteorann a éascú trí rialacháin a chomhchuibhiú, trí thacú le hiontráil sa mhargadh, agus trí chomhoibriú idirnáisiúnta a chur chun cinn.

**5. Éiceachóras nuálaíochta agus struchtúir tacaíochta:** Tá sé ríthábhachtach éiceachóras tacaíochta a chruthú do rath gnólachtaí nuathionscanta. Cabhraíonn rochtain ar ghorlanna, luasairí, cláir mheantóireachta, agus deiseanna líonraithe le gnólachtaí nuathionscanta a dtáirgí a fhorbairt, nascadh le hinfheisteoirí, agus léargais mhargaidh a fháil. Is gnéithe riachtanacha d'éiceachóras gnólachtaí nuathionscanta faoi bhláth struchtúir tacaíochta láithreacha a neartú, comhar a chothú idir gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí bunaithe, agus comhroinnt eolais a chur chun cinn.

**Conclúid**

Chun teacht ar lánionchas na ngnólachtaí nuathionscanta agus na ngnólachtaí atá ag méadú

chun an nuálaíocht a thiomáint agus chun iomaíochas tionsclaíoch agus teicneolaíochta AE a fheabhsú, ní mór bearta cuimsitheacha a dhéanamh. Trí dhíriú ar na dúshláin, amhail rochtain theoranta ar mhaoiniú, ualaí rialála, fáil tallainne, agus rochtain ar an margadh, is féidir le AE timpeallacht fhabhrach a chothú le go n-éireoidh le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú. Tá sé ríthábhachtach go gcomhoibreoidh an Coimisiún, na Ballstáit, agus geallsealbhóirí ábhartha chun beartais spriocdhírithe a chur chun feidhme, rud a neartóidh seasamh AE mar cheannaire domhanda sa nuálaíocht agus sa teicneolaíocht.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó ó na daoine a leanas in ullmhú na tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í:

| Eintiteas agus/nó duine | |
|---|---|
| 1. | France Digitale |
| 2. | BESCO |
| 3. | Allied for Startups |
| 4. | Oifig Eorpach na bPaitinní |
| 5. | NOVE |
| 6. | NetZero |
| 7. | Dioxycle |

Is faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara a rinneadh an liosta thuas a tharraingt suas.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 28.11.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 49<br>–: 2<br>0: 5 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nicola Beer, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Paolo Borchia, Marc Botenga, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Ignazio Corrao, Beatrice Covassi, Ciarán Cuffe, Josianne Cutajar, Nicola Danti, Valter Flego, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Nicolás González Casares, Bart Groothuis, Christophe Grudler, Robert Hajšel, Ivars Ijabs, Romana Jerković, Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski, Georg Mayer, Marina Mesure, Iskra Mihaylova, Angelika Niebler, Johan Nissinen, Mauri Pekkarinen, Mikuláš Peksa, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Clara Ponsatí Obiols, Robert Roos, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Riho Terras, Patrizia Toia, Henna Virkkunen, Pernille Weiss |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pascal Arimont, Franc Bogovič, Damien Carême, Francesca Donato, Matthias Ecke, Marian-Jean Marinescu, Alin Mituța, Jutta Paulus, Massimiliano Salini, Ernő Schaller-Baross |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Carmen Avram, Peter Jahr, Virginie Joron, Ljudmila Novak, Milan Zver |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 49 | + |
|---|---|
| ECR | Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski |
| ID | Paolo Borchia |
| NI | Francesca Donato, Clara Ponsatí Obiols |
| PPE | Pascal Arimont, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Franc Bogovič, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Peter Jahr, Marian-Jean Marinescu, Angelika Niebler, Ljudmila Novak, Massimiliano Salini, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Riho Terras, Henna Virkkunen, Pernille Weiss, Milan Zver |
| Renew | Nicola Beer, Nicola Danti, Valter Flego, Bart Groothuis, Christophe Grudler, Ivars Ijabs, Iskra Mihaylova, Alin Mituța, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen |
| S&D | Carmen Avram, Beatrice Covassi, Josianne Cutajar, Matthias Ecke, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Romana Jerković, Tsvetelina Penkova, Patrizia Toia |
| Verts/ALE | Damien Carême, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Jutta Paulus, Mikuláš Peksa |

| 2 | - |
|---|---|
| The Left | Marc Botenga, Marina Mesure |

| 5 | 0 |
|---|---|
| ECR | Johan Nissinen, Robert Roos |
| ID | Virginie Joron, Georg Mayer |
| NI | Ernő Schaller-Baross |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh